

SÉAN Ó hANBHFAIDH

Bhí fear annseo uair i nGaillimh. Sé an áit a ribh sé ina chomhnaidhe ar Chladach Theampall Mhuire. Sé an t-ainm a bhí air Séan Ó hAnbhfaidh. Ins an am sin bhí céad agus cúig ann de bháid faoi airm sheoil ag fágáil na céibhe. Níl aon bhád den méad sin nach raibh ag iomcur sé cinn de shleaghanna agus cábla liabháin. Sé an fad a bhí i gcábla an liabháin ag na hiasgairí ón Fhaithce Bhig go dtí an Fhaithche Mhóir, trí duail cnáibe ann agus dual síoda ina lár. Ni raibh aon bád ar an méad seo a bhí chomh feistidhthe le bád Shéain Uí Anbhfaidh.

Bhí an-tóir ag Seán ar an mbraon. Sheoil na báid ar maidin Dé Luain an lá seo le dhul as chúl na n-oileán ag iarraidh cruadán. Tháinig an lá ina théigle (marbh) orthabh agus gurbh ar éigin a rinneadar Cill Rónáin ó ló. Chuadar isteach agus thosuigeadar ag ól nó go raibh deire a gcuid airgid caithte. Ar léir mar bhíodar ag dhul domhain ins an ól is amhlaidh is milse a bhí sé a' fágáil. Thosaigh Séan ag glaothach. Bhí sé ag tabhairt óil do na hiasgairí nó go raibh deich bpunt fhichead ina bhille. Bhí an t-ainm air agus an mheas dá réir. Ghlaoidh bean an ósta ar uaigneas air.

"A Shéain" adeir sí, "tá deich bpunt fhichid in do bhille. Níor mhaith liom thú eiteach as a gcoinne sin." Is maith an dinnéar a thiubhradh sé don easpog" adeir Séan "ach níor leag Dia bearna nach dtoigfeadh sé peire."

"Béidh sibh a dul ar chúl na n-oileáin ar maidin" adeir sí, "le congnamh Dé agus teasochaidh braoinín uait a neartóchas do sprid." D'éirigh Séan as ól an oidhche sin. D'éirigheadar ar maidin agus chuadar amach ar chúl na n-oileán. Tháinig na báid abhaile Dia hAoine le na gcuid éisg agus chuaidh Séan arís ar an ól. Ar maidin de Domhnaigh d'éirigh sé agus cuaidh sé ag an Aifreann. B'éigin don mnaoi dhul amach agus buidéal fuisge a fhágáil dó. Ar maidin Dé Luain sheoil gach uile bhád ach Séan Ó hAnbhfaidh. Níor eirigh sé chor ar bith. Cuaidh a bhean siar ag colbha na leabtha go dtí é. "Is mór an náire dhuit é" adeir sí, "níl aon bhád ar chladach Theampall Mhuire nach bhfuil seolta go hOileán an Dá Bhruithneog ach tú féin tá do triúr iasgairí bochta annsin thíos ins an mbád ag fanacht leat. Má tá riar agat adeir sí níl tada acab-san."

Sin é an uair a mheadhaigh sé a intinn. "Gabh suas" adeir sé agus abair le dreithiúr Síle a dhul anuas. Chuaidh.

"Leag agam anois" adeir sé, an sgaf (an bricfeasta)."

Leag. D'ith sé a bhricfeasta.

"Siubhail uait anois a dhreitiúir Síle" adeir sé, "go mbeaidh dhá bhlaosgán (dhá ghloine fuisge) againn." "Anois" adeir sé leis an mnaoi, "bíodh deis na hiasgach ins an gcliabh sin agat." Ins an líne sin sé an dlighe a bhí ag na hiasgairí an bhean ag tabhairt an chléibhín ag an mbád.

Chuir an bhean na druife ins an gcliabh. Pé bí breathnú a thug sí thairte chonnaic sí da shleagh liabháin ins an sgraith os cionn an dorais. Sháth sí sa gcliabh iad agus níor corruigheadh le trí bliana roimhe sin iad. Thug sí an cliabh ag an mbád.

Sheoladar. Nuair a ghlanadar amach teach an tsoluis ní raibh aon bhád le feiceál acab ó chor an Chaisleáin aniar. d'imthigh leob agus sé an áit a ndeachadar chomh fada le cuan Chasla. Dubhradar nach bféadfaidis Arainn a dhéanamh, go raibh sé ró-dheireannach. Nuair a chuadar ar ancoire bhuaileadar sios pota fataí. Bhíodar in uachtar agus iad ag breathnú uathab nuair a chonnaiceadar bád ag déanamh orthab agus badh éard a bhí innte bád a bhí thar éis locht móna fhágáil i gCinn Mhara. D'aithnigh na bádóirí Séan ó hAnbhfaidh mar níl aon fhear ariamh a bhí go maith faoi na phóca nach raibh eolas ag chuile duine air.

"A Shéain" adeir bádóir, "ní chasfadh Dia aon tsleagh ar bhord agad?" "Dar Mac Dara go bhfuil" adeir Séan, "rud nach raibh ar bord cheana agam le trí bliana. Tá bád anois as Conamara tréis imtheacht isteach go Gaillimh ag iarraidh sleagh in áit a bfaca si liabhán ar tráigh Inis Oirthir. "Bhfuil tú a deanamh na fírinne" adeir Séan. "Táim" adeir an bádóir. "In áit a bhfuil ceann" adeir Séan, "tá péire ann ach níl aon amharc le fágáil orthabh go dtí le eirighe gréine i mbárach.

Sheoladar ar an toirt agus thugadar a n-aghaidh ar tráigh Inis Oirthir. "Anois" adeir Séan ó hAnbhfaidh le na bhádóir, "cuir straimpín ar do ghriféad agus beidh sé éasgaidh agat a thabhairt aníos ar maidin."

Nuair a bhí an béile ithte acab chuadar cun suaimhnis agus d'fhan fear ar bord uachtar ag faire na maidne. Uair sul má d'éirigh grian dhúisigh sé iad. Ní raibh an ghrian airde fir as talamh nuair a d'éirigh an liabhán. "Anois agus ní ariamh" adeir Séan, Mac Dé ag cuideachan le mo chiotóg dhíreach. Chaith sé an tsleagh agus chuir sé i bpoll na fola aige é.

"Fear agus tuagh ar gárda anois. Má fheiceann an bádóir nach bhfuil a dhóthain teide aige tiubhraidh sé an tuagh don téid. Bhí fuighleach téide aige. Nuair a bhí a chuid fola caillte ag an liabhán d'éirigh sé in uachtar. "Sgeana ag obair anois" adeir Séain, ach ní raibh an t-achar aige. Ar bhreathnú thairis dó chonnaic sé an bád a chuaidh ag iarraidh na sleagh go Gaillimh ag déanamh orthab. "Tá tú mall" adeir Séan leis féin.

Sin é an uair a d'éirigh an liabhán eile idir an dá bhád. ní rinne Séan ach sleaghán eile fhágáil faoi réir agus rith sé air isteach. Bhí bád Conamara ag tigheacht idir an liabhán agus Séan.

"A Sheáin Uí Anbhfaidh" adeir Micil Ó Clochartaigh, "tabhair suas." Bhí an Clochartach an uair sin idir Séan agus an liabhán. "In áit a bfeanntar cailltear," adeir Séan, ag caitheamh sa sleagh os cionn crann sínte an bháid eile. Nuair a buaileadh an liabhán shincéail sé d'aon léim amháin. Thóg sé an crann sínte ón gClochartach ó bál an bháid amach. Chaith Séan ar chúl a cinn é féin. "Más uisge aréir é is fuisge anocht é" adeir sé. Bhí an Clochartach ag imtheacht ag seoladh leis abhaile. "Arnú níl tú ag imtheacht mar sin" adeir Séan, "tiubhraidh tú congnamh dúinn.

"Is fear maith adéarfadh é, adeir an Chlochartach. D'fhan an Clochartach. Mharbhuigheadar agus sgeanadar an ceann sin agus lochtuigheadar an dá bhád as an liabhán sin. Tharraingigheadar an chéad ceann a marbuigeadh isteach i gcéibh Cill Ronáin agus

d'fhágadar bádóir as chaon bhád ag tabhairt aire dó sin agus ag baint aobha as. Chuadar go Gaillimh le lucht an dá bhád idir aobha agus cnámha agus dhíoladar le Berbidge iad.

Chuadar ar ais aríst go Cill Rónáin. Sé an chéad nidh in Eirinn a rinne Séan ó hAnbfaidh dhul isteach go dtí bean an ósta agus deich bpunt fhichid a síneadh amach aice. "Coisliméara maith thú a Sheáin" adeir sí. "Go mba fada aríst" adeir Séan "go neirighidh a leitheid dhom." Thosuigheadar ag feannadh agus ag gearradh nó gur lochtuigheadar an dá bád. Chuadar go Gaillimh agus dhíoladar aríst iad, na haobha agus na cnámha le Berbidge. Cuir Séan lámh ina phóca. Shín sé trí scór punt do Mhicil Ó Clochartaigh. Séard a bhí i Séan ó hAnbhfadh corp duine uasail. Bhí a sliocht air. Bhí fuighleach aige. Ní raibh aonduine is mó a tíubhradh déirce uaidh. Rud ar bith a thug sé uaidh thuig Dia dó arist é mar thug sé uaidh ó chroidhe mhór mhaith é. Aon inghean amháin a bhí aige. Phós sí Spáinneach, an dara máta a bhí ar shoitheach Spáinneach.

22/5/30.

